

# ❖ An Lúibín ❖

22 Lúnasa 2018

## Gaeilgeoir ón Nigéir: Ola Mujekodunmi

Deirtí, agus deirtear fós uaireanta, gurb í dídean na ndaoine bána na gaelscoileanna, rud a thugann le tuiscint gur dream atá bán go smior iad na Gaeilgeoirí féin. Is furasta an tuairim seo a bhréagnú. Tá a lán daltaí de shliocht eachtrannach le fáil sna gaelscoileanna (timpeall 9.5% in aghaidh timpeall 10% sna scoileanna lán-Bhéarla) agus cuid páistí gorma ina measc. Tá gá leis an éagsúlacht seo sa saol atá anois ann, agus comhartha air sin is ea Ola Mujekodunmi, bean óg a bhfuil clár aici ar Raidió na Life (raidionalife.ie) ar an Satharn.

Thug tuismitheoirí Ola Mujekodunmi chun na hÉireann leo í agus iad ina ndéanaithe ón Nigéir. Bhí Ola an-óg an an am. Chuir siad fúthu i Raghmallach i mBaile Átha Cliath, agus is ann a rinneadh Gaeilgeoir de Ola, ós ann a léigh a tuismitheoirí bileog i dtaobh Gaelscoile áitiúla, Lios na nÓg. Ar an dea-uair, shocraigh siad ar dhul sa seans. D'éirigh go maith le Ola sa scoil sin agus chuaigh sí ar aghaidh chun Coláiste Íosagáin. Mac léinn is ea í anois agus trí theanga aici (ós í an Iarúibís a teanga dhúchais).

Admhaíonn sí go dtagann iontas ar dhaoine nuair a thuigeann siad go bhfuil Gaeilge líofa ag a leithéid. Mar léargas ar an scéal rinne sí físeán dar teideal 'What does "Irishness" look like' agus cúig dhuine dhéag as Éirinn ann nach bhfuil cuma 'Éireannach' orthu: <https://www.youtube.com/watch?v=EqWKR7eq-CQ>.

Is minic a deirtear gur teanga 'dhomhanda' í an Ghaeilge ar na saolta seo. Fógraímid anseo gur mór an tairbhe don teanga é agus gur léargas beo air sin Ola agus a leithéidí.

## Féach

<https://www.irishtimes.com/life-and-style/health-family/nigerian-parents-and-fluent-in-irish-it-still-surprises-people-1.3496291>



## Straitéis neamhstraitéiseach

Tá an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 á lochtú ó tháinig sé amach roinnt blianta ó shin: rud gan fónamh agus cuspóirí aige nárbh fhéidir a bhaint amach. Ní hé sin le rá nach bhfuil ciall éigin leis na haidhmeanna:

Ainneoin na gcéadta bliain de dhaoine a bheith ag athrú ó Ghaeilge go Béarla, tá an Ghaeilge fós beo mar theanga bheo phobail i roinnt áiteanna a d'fhan ina nGhaeltacht agus tá cuid mhaith daoine lasmuigh den Ghaeltacht ag úsáid na Gaeilge ó lá go lá. Tá bláthú tagtha ar litríocht agus ar chineálacha eile ealaíon trí mheán na Gaeilge le céad bliain anuas, sa chaoi is gur teanga iomlán nua-aimseartha Eorpach í an Ghaeilge anois. Is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlach sa Ghaeltacht.<sup>1</sup>

<sup>1</sup> <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf>

Ach tá Pat Carey, fear a bhí ina Aire Gaeltachta nuair a tháinig an Straitéis amach, tar éis a admháil go bhfuil cac déanta den scéal.<sup>2</sup> Is dóigh leis nár chuir na ranna stáit a dtoil leis an obair, agus gur thaispeáin na figiúirí teanga is déanaí nach féidir na bunchuspóirí a bhaint amach. Tá laghdú 11% tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht agus laghdú 1% ar chainteoirí laethúla lasmuigh den Ghaeltacht. (Bheadh formhór na gcainteoirí úd le fáil i mBaile Átha Cliath.) Is bocht an bonn é sin chun go mbeadh 250,000 cainteoir Gaeilge ann lasmuigh den chóras oideachais faoin mbliain 2030 mar a gealladh, agus b'fhearr le mo dhuine go mbeadh spriocanna níos cruinne ann.

Ní dócha (más gá é a rá arís) gur féidir anois deireadh a chur le meath na Gaeltachta. Tá formhór na ndaoine óga imithe ar fán nó iompairthe ar an mBéarla mar ghnáth-theanga; níl dlús teangeolaíoch fágtha sa phobal. Is léir ón sliocht thuas go raibh dearcadh traidisiúnta ag lucht beartaithe na Straitéise – an Ghaeltacht mar thobar na teanga agus mar cheangal stairiúil leis an seansaol. Tá idé-eolaíocht an Aiséirí le haithint ar an tuairim sin agus is baint baint atá aici leis an saol atá anois ann.

Ach dá n-éireodh le straitéis ar bith méadú a dhéanamh ar líon na ngnáthchainteoirí sa chuid eile den tír b'fhiú an saothar é. Ar an droch-uair, áfach, ní mór an rath a bhí riamh ar iarrachtaí an Stáit an teanga a neartú. B'fhearr an obair a fhágáil faoi na Gaeilgeoirí féin agus an obair sin a éascú nuair is cuí. Murach sin, caithfear an phingin bheag agus an phingin mhór. Is díol spéise é i gcónaí an líon Gaeilgeoirí agus eile a shamhlaíonn go bhfuil slat draíochta ag an Stát a dhéanfadh crúiscín óir de chloch. Slat bhréige í má bhí fáil uirthi riamh.

Tá sé ráite againn cheana in *An Lúbín* nach ar líon na gcainteoirí laethúla amháin is cóir aird a dhíriú. Tá a lán daoine ann, in Éirinn agus thar lear, nach labhraíonn Gaeilge chomh minic sin ach atá in ann iad féin a chur in iúl agus a léann corrléabhar sa teanga. Ní furasta Gaeilge a labhairt gach lá agus tú báite i mBéarla, nó uair sa tseachtain féin. Is fearr dóchas ná ró-dhóchas.



### **Easpa teangacha agus iomarca Béarla**

Iad i mbun na hoibre arís: cainteoirí oilte Béarla ag gearán go géar faoi ansmacht an Bhéarla. Murab é an Béarla a bhí i réim, ar ndóigh, bheadh teanga eile ar mhuintir ar na muice (an Ghaeilge féin, b'fhéidir!). Ach tá an scéal mar atá sé.

Is gearr ó bhí díospóireacht i dtaobh na ceiste seo ar siúl faoi choimirce an nuachtáin iomráitigh úd an *Guardian* agus Acadamh na Breataine, in éineacht le hAcadamh Meiriceánach na nEalaíon agus na nEolaíochtaí.<sup>3 4</sup> Na rudaí a dúradh faoi staid na dteangacha sa Bhreatain agus sna Stáit d'fhéadfá iad a rá faoin Astráil freisin.

Admhaítear gur beag duine sa Bhreatain a bhfuil teanga eile aige, rud (más fíor) a dhéanann dochar do shlándáil agus do thionchar idirnáisiúnta na tíre. I Meiriceá tá ag teip orthu freastal ar dhaltaí a d'fhéadfadh teangacha eile a fhoghlaim. Agus féach daoine óga as tíortha eile go bhfuil idir Bhéarla agus a dteanga dhúchais féin acu, gan trácht, minic go leor, ar an tríú teanga.

Luadh an tábhacht atá le comhlachtaí idirnáisiúnta anois; is iomaí Briotanach a bheidh ag obair thar lear uair éigin, agus is maith an rud é beagán de theanga an fhostóra a bheith agat. Fiú más Béarla atá ag comhlacht mar theanga oibre, ní foláir dó dul i dteagmháil leis an pbobal atá ina thimpeall.

Maíodh nach fíor go bhfuil Béarla ar a thoil ag gach duine, agus ní cinnte go mbeidh an Béarla mar theanga chomhchoitianta ag an domhan go deo.

<sup>2</sup> <https://tuairisc.ie/ba-choir-tosu-aris-ar-an-straiteis-20-bliain-don-ghaeilge-a-deir-an-te-an-thug-isteach-i/>

<sup>3</sup> <https://www.theguardian.com/education/2014/jul/08/lack-of-languages-stifles-brits-americans>

<sup>4</sup> <https://www.theguardian.com/education/2015/apr/14/seven-language-learning-uk-multilingualism>

Dúradh go bhfuil claonadh ag lucht labhartha Béarla ruathar a thabhairt isteach ar thíortha eile agus gan tuiscint acu ar stair ná ar chultúr na dtíortha sin, tuiscint atá le fáil as eolas ar theangacha.

Sa Bhreatain níl an oiread sin bunmhúinteoirí ann atá in ann teanga eile a mhúineadh, agus agus is beag sult atá ag baint le múineadh na dteangacha sna meánscoileanna. Chomh maith leis sin, tá a lán teangacha ann (Urtais, mar shampla) nach féidir cáilíocht a fháil iontu. Os a choinne sin, tá i bhfad níos mó teangacha ceadaithe anois i gcomhair iontráil ollscoile sna Stáit. Maíodh go ndéanann mic léinn mheánaicmeacha staidéar foirmiúil ar Arabais in Ollscoil Oxford agus gnáthdhaoine eile ann a bhfuil gnáthchaint na hArabaise acu ach nach mbaineann tairbhe aisti, cé go bhfuil tóir ag fostóirí ar a leithéidí.


Áitíodh go bhfuil an ganntanas cainteoirí teangacha iasachta ag déanamh dochar do gheilleagar na Breataine toisc go bhfuil sé ina bhac ar easportálaithe atá beag nó measartha mór. Mura bhfuil scileanna teanga ar fáil acu siúd is deacair dóibh gnó a dhéanamh thar lear. Dúirt fear gnó a bhí ann gur breá an teanga an Béarla más ag ceannach atá tú, ach ní cóir é a úsáid agus tú ag díol.

Ní ceart an bhéim ar fad a chur ar dhul chun cinn sa saol. Is annamh teangacha ina mbunriachtanas i bpost, dá úsáidí iad, agus is fiú aird a thabhairt ar na buntáistí eile, idir shóisialta agus intleachtúil. Cuireadh i gcuimhne dá raibh i láthair gur minic gur mó an cumas foghlama i ngach ábhar atá ag daltaí a bhfuil teanga eile acu. Ina theannta sin, tá sult ar leith le baint as teanga eile a labhairt.



## An Timpeallacht

### Ifreann



*Wikimedia Commons*

Is minic is binn linn an drochscéal nár tharla fós. É ina fhinscéal, ina bhgairt gan nimh, ar nós scannán uafáis. Is beag scéal is measa (cé is moite de chogaí uafásacha) ná athrú na haeráide. Tá formhór mór na n-eolaithe ar aon intinn: deir siad go bhfuil an donas ar an scéal. Drochthorthaí ag teacht ar dhroim a chéile, rialtais ag iarraidh go ciotach teacht ar réiteach, gnáthdhaoine ag caitheamh a ngnáthshaoil, cuid acu fulangach, cuid acu feargach, agus tubaiste á tuar.

Ní olc an rud, mar sin, aird a thabhairt ar an tubaiste is measa a d'fhéadfadh titim amach. Tá eolaithe aeráide tar éis a fhógairt go bhféadfadh an domhan pointe a bhaint amach i gceann scór blianta nach mbeidh srian le téamh an domhain. Is gearr go mbeidh an domhan amach is isteach le dhá chéim níos teo ná mar a bhí sé sa ré réamhthionsclaíoch, rud a d'fhéadfadh aischothú a chur ar siúl agus teas ifreanda a ligean chugainn. Is airde de chéim an teocht domhanda cheana.

Tá taighde déanta ar a bhfuil ar siúl i dtuaisceart an domhain. Nuair a léann ithir bhuanreuite, tagann beocht arís sna baictéirí atá istigh inti; itheann siad an t-ábhar orgánach agus sceitheann dé-ocsaíd charbóin agus meiteán. Gás mór ceaptha teasa gach ceann acu sin, agus tá contúirt ar leith ag baint leo i locha teirmeacharstacha – locha a bhfuil a lán acu sa tSibéir agus in Alasca. Cabhraíonn an t-uisce le leá an tsíorsheaca thíos agus is beag an mhoill ar na hadhaimh charbónacha, atá idir 2,000 agus 43,000 bliain d'aois, éirí suas san atmaisféar. Is mór a rachaidh siad i bhfeidhm ar an aeráid.

Ní rachaidh an domhan trí thine ar an bpointe boise. Ach tá fógairt déanta go mbeidh an domhan ceathair nó cúig de chéim níos teo feasta ná mar a bhí sa ré réamhthionsclaíoch. Ní fhéadfaidh daoine cónaí i gcuid mhór den domhan agus beidh leibhéal na farraige suas le seasca méadar níos airde. Cuirfear pointe na práinne in iúl trí leá an talaimh shíorshiochta, trí mheiteán a scaoileadh ó ghrinneal na farraige, trí lagú na linnte dé-ocsaíd charbóin sa talamh agus san aigéan, trí bhreis dé-ocsaíd charbóin a bheith á sceitheadh ag baictéirí, trí laghdú an tsneachta sa tuaisceart, agus trí leá an oighir thuaidh agus theas.

Ní fada gur teocht measartha coitianta é 50C: bhuail a leithéid de theas an India agus an Phacastáin i mbliana. Dá leanfadh an teocht sin is beag duine a thioctadh slán: bhruithfí cealla an choirp, rachadh an fhuil i dtiús, stalcfadh na matáin timpeall na scamhóg agus cheilfí ocsaigin ar an inchinn. Tá cosaint le fáil san allas i dteas tirim, ach scriostar an chosaint sin má tá bogthaise ard ann, fiú agus 35C ann. Is iomaí tír agus réigiún a bheidh i mbaol - an India agus an Phacastáin, oirdheisceart na hÁise agus cuid den tSín. Faoin mbliain 2100 beidh beagnach leath an domhain ag fulaingt teas uafásach ar feadh fiche lá in aghaidh na bliana.

Anseo san Astráil rinne taighdeoirí ó Ollscoil Melbourne páipéar a fhoilsiú i Mí na Samhna 2017, páipéar a thug le fios go bhfuil spailpeanna triomaigh ár linne níos measa ná aon cheann a tharla le hocht gcéad bliain anuas. D'iniúch siad fáinní crann, croíthe oighir, coiréil agus dríodar geolaíoch ar fud na tíre, rudaí a bhí idir ceithre chéad bliain agus ocht gcéad bliain d'aois.

Ní triomach amháin atá i ceist ach tuilte freisin. Tar éis go ndearna siad staidéar ar phatrúin shéasúracha bháistí mhaígh na heolaithe go bhfuil cuid de thuaisceart na hAstráile níos fliche ná mar a bhí sí leis na céadta bliain. Dúirt siad freisin nach bhfacthas riamh roimhe seo na spailpeanna triomaigh a bhuaíl deisceart na tíre i ndeireadh an fichiú haois agus i dtús an aonú haois déag.

Is fiú ag an bpointe seo an cúpla iomráiteach úd, El Niño agus La Niña, a lua. Patrún malartach iad a leanann triomach nó tuilte é agus a fhágfaidh an aeráid nua lorg nua air. Tugtar 'El Niño' ar théamh dhromchla na farraige i lár nó in oirthear an Aigéin Chiúin. Is é an téamh seo is cionsiocair le hathrú ar chúrsaíocht an atmaisféir, rud a laghdaíonn an bháisteach san Indinéis agus san Astráil. Tagann malairt treo ar na trádghaotha is ísle agus iad ag séideadh aniar feadh an teochreasa seachas anoir. Tagann La Niña nuair a éiríonn na trádghaotha níos láidre, iad ag carnadh uisce bogthe in iarthar an Aigéin Chiúin agus i dtuaisceart na hAstráile. Cuidíonn téamh an aigéin le héirí an aeir, cruinniú na scamall agus báisteach.

Bíodh dóchas againn nach dtreiseofar oibriú an chúpla úd. Bíodh dóchas againn freisin nach teas ifreanda atá i ndán dúinn. Beidh le féachaint.

Le léamh:

<https://www.livescience.com/36999-top-scientists-world-enders.html>

<https://www.theguardian.com/cities/2018/aug/13/halfway-boiling-city-50c>

[https://www.space.com/41406-hothouse-earth-dangerously-close.html?utm\\_source=notification](https://www.space.com/41406-hothouse-earth-dangerously-close.html?utm_source=notification)

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

Dhá dhán le Colin Ryan. Foilsíodh cnuasach leis sa bhliain 2017 (*Corraí na Nathrach, Coiscéim*).

### **Imithe**

Pictiúr é a tógadh sular imigh sí as amharc  
mar nach mbeadh sí choíche arís  
mar a bhí sí ansin  
í dóchasach i ngúna stríocach  
an ghaoth ag tarraingt buille  
meidhreach ar a gruaig  
ag tabhairt chuici nuachta  
thar cnoc aniar:

dhún sí an leabhar agus an doras  
agus sheas ar an tairseach  
mar a raibh an tsráid ag imeacht uaithi  
gan teacht arís

### **Ábhar beo**

Na bláthanna  
ina lasair i vása  
agus torthaí carntha  
i mbabhla gorm:  
an solas ina shoiléirse  
i dtost an tseomra  
agus éan istigh  
ag iarraidh éalú